# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

9 Bealtaine 2024 | Eagrán 195


Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.



An Trá Mhór, Indreabhán.
Johanna Ní Mháille a thóg an grianghraf.

# AN GRÁ AGUS AN GHRUAIM


Pléifear ceann de na clasaicí as canóin litríocht na Gaeilge ar an gCéadaoin bheag seo Tigh Mholly ag 9.00 i.n. ag seisiún na Bealtaine de Chlub Leabhar Chois Fharraige.
Rinne Eoghan Mac Giolla Bhríde athchóiriú ar an gcnuasach cáiliúil gearrscéalta *An Grá agus an Ghruaim* le Seosamh Mac Grianna. Chuaigh sé ar ais go dtí an bunleagan sa leagan seo. Athraíodh an litriú go dtí an litriú comhaimseartha ach léirítear meas ar chanúint agus ar fhoghraíocht Sheosaimh.




Ceann de na príomhathruithe a rinneadh ar an mbunleagan in imeacht na mblianta ná gur baineadh an scéal 'An Bhean Lán de Stuaim' amach, ar fhaitíos nach raibh sé "feiliúnach" do scoláirí óga. Tá an scéal sin, agus 'Bíonn Súil le Muir ach Ní Bhíonn Súil le hUaigh', sin an ceann a cuireadh isteach ina áit, sa leagan nua.
*"Faigheadh duine ar bith domh scéal ar bith i nGaeilge na haimsire seo is ealaíonta, is uaisle, nó is Gaelaí Gaeilge ná 'Creach Choinn Uí Dhomhnaill' agus beidh mé buíoch dó"* a dúirt léirmheastóir nuair a céadfhoilsíodh an cnuasach i 1930.
Tá daoine sa bpobal a léigh na scéalta seo don Ardteist mar go mbíodh an leabhar ar an liosta léitheoireachta don chúrsa. Seo seans anois duit mar sin dul siar ar bhóithríní na smaointe, fiú muna mbíonn tú ag freastal ar an gClub go rialta. Tapaigh an deis, aimsigh do shean-chóip nó ceannaigh an leagan nua i siopa Chló Iar-Chonnacht sa gCeardlann sa Spidéal.

# OPTANNA SA DÁIL

**Tá sraith cruinnithe faoi chúrsaí Pleanála Teanga á reáchtáil ag Coiste Oireachtais na Gaeilge agus na Gaeltachta faoi láthair. Roinnt d'Oifigigh Pleanála Teanga (OPTanna) na Gaeltachta a bhí os comhair an Choiste ar an gCéadaoin seo caite. Ní scéal dearfach, sona, meidhreach a bhí le ríomh ag na hOPTanna don Choiste.**



**Labhair siad ar na dúshláin a bhíonn rompu go laethúil de bharr easpa acmhainní, foirne, stádais agus tacaíochta. Is iomaí caipín a bhíonn ar an OPT is cosúil. *"Ní mór duit a bheith i do bhainisteoir, cuntasóir, áisitheoir, aistritheoir, pointe teagmhála, teagascóir, oifigeach forbartha pobail, oifigeach margaíochta agus poiblíochta, teangeolaí, sochtheangeolaí, síceolaí: níl srian leis an ilghnéitheacht"* a dúirt Stiofán Seoighe OPT Dhúiche Sheoigheach agus Thuar Mhic Éadaigh.**

**Aontaíodh go bhfuil obair mhaith, fhiúntach ar bun ach nach bhfuil an córas ag feidhmiú mar ba mhian le daoine de bharr iomarca dualgais a bheith leagtha ar na hOPTanna agus ar dhaoine sa bpobal a bhíonn ag tacú leo go deonach, seachas an stát féin a bheith freagrach. Léiríodh imní mhór faoin easpa comhorduithe idir na heagrais áitiúla, na heagrais phoiblí / stáit agus gníomhaíochtaí na nOPTanna. Dúradh go soiléir nach bhfuil struchtúr comhtháite pleanála teanga sa tír. Níl aon dualgas ar eagraíochtaí stáit ná pobail comhoibriú leis na hOPTanna, ní gá dóibh fiú teagmháil a dhéanamh leo ariamh. Is fiú tuairisc iomlán ar an gcuairt chun na Dála a léamh ar láithreáin *Tuairisc*.**

# AN FÓRAM AG EARCÚ

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i mbun earcaíochta! Tá dhá phost mar Oifigigh Pleanála Teanga le líonadh in oifigí an Fhóraim. *“Post dúshlánach a bhí ann ach post ilghnéitheach a thug deis dom scileanna éagsúla a shealbhú agus a fhorbairt agus a raibh scóp ann a bheith nuálach, cruthaitheach, post a bhfuil an-sásamh go deo le baint as”* a dúirt Katie Ní Loingsigh, a chaith ceithre bliana sa bpost agus atá ag obair anois i Rannóg na Pleanála Teanga in Ardoifigí an Údaráis sna Forbacha.

Mar sin más duine fuinniúil, cruthaitheach thú, má tá tú tiomanta don Ghaeilge agus don Ghaeltacht más maith leat a bheith ag obair le daoine, a bheith amuigh i measc an phobail, ba bhreá linn labhairt leat!

Tuilleadh eolais: 086 273 2279 / ptchoisfharraige@gmail.com.

Iarratais, mar aon le CV:
ptchoisfharraige@gmail.com.

nó:

An Cathaoirleach,
Fóram Chois Fharraige
um Pleanáil Teanga CTR,
Inis Fáil,
An Spidéal,
Co. na Gaillimhe.




**An Aoine 27 Bealtaine ag 5.00 i.n an spriocdháta d’iarratais.**

# DAMHSA CRUTHAITHEACH DO PHÁISTÍ

**Cuireann Amy O'Reilly ón gcomplacht damhsa Dance Concepts ranganna damhsa cruthaitheach ar fáil i gceantair thuaithe. Cuirfear tús le sraith gearr ceithre seachtaine i Scoil Sailearna in Indreabhán ar an 28 Bealtaine.**
**Beidh dhá rang ann: Acro agus Bailé. Do ghasúir idir 3-5 bliain d'aois a bheas an rang "Buntreoir don Bhailé" ag 3.35 i.n. Ceann do thosaitheoirí ar an stíl damhsa gleacaíochta "Acro" a bheas ar bun ag 4.30 i.n do ghasúir idir 6-12 bliain d'aois. Díreofar ar bhunús "Acro" a fhoghlaim. Beidh timbleáil chomh maith le harduithe agus cothromaíochtaí san áireamh. Tacaíonn an sórt seo damhsa le neart, solúbthacht agus cothromaíocht a fheabhsú.**

**I nGaeilge dar ndóigh a bheas an múinteoir Aileen ag teagasc. Tuilleadh eolais ar fáil ag www.danceconceptseu.com.**






# CAMINO AN CHEOIL

Tá tionscadal spéisiúil idir lámha ag Molscéal faoi láthair. Tá buíon oirfideach á tabhairt acu ar oilithreacht chultúrtha go dtí an Spáinn.

Tá ceoltóirí, damhsóirí agus amhránaithe sean-nóis cumasacha, iad ar fad ina gcuid ficheadaí ag taisteal go dtí láthair éagsúla agus féadfaidh muide a bheith leo go fíorúil ar ardáin mheáin shóisialta Molscéal! Casfaidh siad le ceoltóirí thall freisin agus is cinnte go dtiocfaidh amhráin, foinn agus damhsa nua abhaile leo.

Tá Frankie Mac Aodha an fear feadóige agus bainseó as Cois Fharraige sa mbuíon chomh maith le triúr eagraithe Gliogar sin Risteárd Ó hAodha a chasann pianó agus armóin, Peadar Tom Mercier an fidiléara agus Aindriú de Buitléir an fear bodhráin ina theannta. Is cinnte go gcuirfear an-fháilte thall roimh an bhfonnadóir breá Áighne Ní Chadhain.

Mar sin caith súil ar leathanach Facebook Molscéal le cluais a thabhairt dóibh!



Frankie Mac Aodha



Áighne Ní Chadhain

# INTÉIRNEACHTAÍ LE TG4

Cuirfear fáilte roimh iarratais ó thosaitheoirí nó ó chéimithe ollscoile le tréimhse bliana a chaitheamh ar intéirneacht le TG4 sa gceannáras i mBaile na hAbhann.
Is deis é seo do dhaoine atá ag tosú san earnáil físe agus atá ag iarraidh taithí phraiticiúil a fháil. Íocfar tuarastal le linn na bliana taithí oibre seo agus beidh deiseanna oiliúna breise ar fáil le linn na bliana. Daoine a bhfuil Gaeilge den scoth acu agus a bhfuil suim acu sna hardáin shóisialta atá á lorg. Beifear ag súil go mbeidh scileanna taighde agus cumas maith scríofa ag an té a cheapfar chomh maith le tuiscint ar a bhfuil i gceist le scéal mealltach.
Gheobhaidh an té a cheapfar taithí chuimsitheach ar a bheith ag obair i réimse an léiriúcháin reatha ina ndéantar comhordú ar obair eagarthóireachta agus ar obair foilsitheoireachta ar na hardáin Dhigiteacha.
Tá daoine faoi oiliúint á lorg sna réimsí seo a leanas:

- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le BLOC.
- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le MOLSCÉAL.
- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le SportTG4.
- Comhordaitheoir Meán Sóisialta le Ceol TG4.
- Comhordaitheoir ábhair Oideachais le TG4.
- Ealaíontóir Grafaicí faoi oiliúint.

Seol CV, mar aon le d'iarratas a léiríonn do réimsí spéise i 3 cinn ar a mhéid de na rannóga seo a leanas – Molscéal, BLOC, Spórt, Ceol, Oideachais nó Grafaic – chuig cv@tg4.ie.
Cuir an 3 rannóg ar mian leat iarratas a dhéanamh orthu in iúl.

**Dé Céadaoin an 15ú Bealtaine 2024**
**an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.**